An Roinn Oideachais
Department of Education

**Imlitir 0022/2024**

**Chuig: Boird bhainistíochta, príomhoidí agus foirne teagaisc i mbunscoileanna sa Ghaeltacht nach bhfuil sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta faoi láthair**

# Polasaí don Oideachas Gaeltachta

# Cuireadh do Bhunscoileanna i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta Machnamh a Dhéanamh Maidir le Páirt a Ghlacadh sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

## 1. Cuspóir na hImlitreach seo

Is é cuspóir na hImlitreach seo ná eolas a sholáthar d'údaráis scoileanna atá suite i limistéir pleanála teanga Gaeltachta agus nach bhfuil rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (Scéim) faoi láthair, faoina bhfuil bpróiseas atá i gceist le bheith páirteach sa Scéim. Cé go mbeidh an deis fós ann do scoileanna teacht isteach sa Scéim amach anseo, níl sé i gceist imlitreacha eile a eisiúint chun cuireadh a thabhairt do scoileanna bheith rannpháirteach sa Scéim.

Leanann an Imlitir seo ó Imlitir 0016/2023 agus ó imlitreacha roimhe seo ar an Scéim a chlúdaíonn an tréimhse ó 2017 go 2021/22.

**Cuid A -** Déantar cur síos i gCuid A den Imlitir ar na céimeanna atá i gceist chun clárú don Scéim.
**Cuid B** - Déantar cur síos i gCuid B ar na tacaíochtaí breise a chuirfear ar fáil ag na céimeanna pleanála agus feidhmithe do scoileanna a mbeidh iarratas á dhéanamh acu.

## 2. Cúlra

Seoladh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta in 2016 leis an sprioc uileghabhálach "a chinntiú go bhfuil eispéireas oideachais ardchaighdeáin agus ábhartha trí mheán na Gaeilge ar fáil do na daoine óga uile atá ina gcónaí i limistéir Ghaeltachta". Chun tacú le cur i bhfeidhm na sprice seo, bunaíodh an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta ("an Scéim"), a thugann deis do scoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta aitheantas a lorg mar Scoileanna Gaeltachta. Ní mór do scoileanna na sainchritéir theangabhunaithe (féach Aguisín 1) a chomhlíonadh chun an t-aitheantas sin a ghnóthú. Cuirtear tacaíochtaí spriocdhírithe breise ar fáil do scoileanna chun tacú leo an Scéim a chur i bhfeidhm.

Is iomaí buntáiste atá ann don scoil agus do na daltaí as bheith rannpháirteach sa Scéim (féach Cuid B). Tá an Roinn tiomanta do thacaíocht agus d'acmhainní a chur

ar fáil do na scoileanna rannpháirteacha chun tacú leo na critéir theangabhunaithe a chomhlíonadh chun aitheantas a fháil mar scoil Ghaeltachta.

Is í príomhsprioc na Scéime ná eispéiris tumoideachais sa Ghaeilge a láidriú ar mhaithe le tacú le sealbhú agus saibhriú teanga na ndaltaí. Tugann an luath-thumoideachas an deis do dhaltaí an Ghaeilge a shealbhú mar mheán cumarsáide go nádúrtha tríd an bhfoghlaim ghníomhach agus an súgradh i ranganna na naíonán chun tacú leo ar a n-aistear foghlama teanga. Cabhraíonn an t-oideachas dátheangach go mór le forbairt scileanna cumarsáide agus cruthaitheacha, agus le smaointeoireacht ard-oird na ndaltaí.

Molann an Roinn go láidir do scoileanna buanna agus buntáistí an tumoideachais a mheas mar aon leis an deis atá ag scoileanna fíorthionchar a imirt i sárú na ndúshlán reatha a bhaineann le stádas na Gaeilge mar theanga bheo i bpobail Ghaeltachta.

### 3. Clár na hImlitreach seo

| | |
|---|---|
| **Cuid A** | Na céimeanna atá i gceist chun clárú don Scéim |
| **Cuid B** | Na tacaíochtaí a chuirfear ar fáil ag na céimeanna pleanála agus feidhmithe do scoileanna a mbeidh iarratas á dhéanamh acu |
| **Aguisín 1** | Na critéir theangabhunaithe um aitheantas mar bhunscoil Ghaeltachta |
| **Aguisín 2** | Foirm um Léiriú Spéise do bhunscoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta ar mian leo cur isteach ar an Scéim |
| **Aguisín 3** | Treoir chun an leas is éifeachtaí a bhaint as na huaireanta tacaíochta breise don Ghaeilge |
| **Aguisín 4** | Teimpléad Samplach um Plean Gníomhaíochta: Cuideoidh an teimpléad seo le scoileanna na critéir theangabhunaithe a chur i bhfeidhm chun an tumoideachas a threisiú. |

## Cuid A: Na céimeanna atá i gceist chun clárú don Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

### 4. Léiriú Spéise chun dul isteach sa Scéim

Chun dul isteach sa Scéim, ní mór do scoil an Fhoirm um Léiriú Spéise a ghabhann leis an imlitir seo (Aguisín 2) a chomhlánú agus í a chur ar ais go leictreonach (sínithe agus scanta) chuig aog@education.gov.ie.

Sula ndéantar an Fhoirm um Léiriú Spéise a chomhlánú, ba chóir go ndéanfaí an cinneadh páirt a ghlacadh sa Scéim tar éis dul i gcomhairle leis an bpátrún, le foireann na scoile, le cumann na dtuismitheoirí agus leis an gcoiste pleanála teanga áitiúil. Ní mór faomhadh an bhoird bainistíochta a fháil.

### 5. Gníomhphleanáil ar bhonn scoile uile chun an tumoideachas a threisiú

Ní mór do scoileanna atá ag teacht isteach sa Scéim plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile a ullmhú atá nasctha leis na critéir theangabhunaithe chun an

tumoideachas[1] a threisiú, agus a cuireann comhthéacs na scoile san áireamh. Leagtar amach in Aguisín 1 na critéir theangabhunaithe do bhunscoileanna chun aitheantas mar scoil Ghaeltachta a fháil.

Déanfar cur síos sa phlean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile ar an tslí ina gcomhlíonfaidh an scoil na critéir theangabhunaithe ar bhonn tréimhsiúil, céimnithe chun an tumoideachas a fheabhsú. Áirítear leis seo pleanáil chun naisc fhiúntacha a chothú le pobal na scoile agus leis na coistí pleanála teanga áitiúla ar mhaithe le húsáid na Gaeilge a leathnú i bpobail Ghaeltachta.

Cuireann an fhéinmheastóireacht scoile (FMS) ar chumas scoileanna páirt a ghlacadh i bpróiseas gníomhphleanála timthriallach lena n-áirítear athbhreithniú rialta. Mar chuid den phróiseas gníomhphleanála feabhsúcháin, ba chóir fianaise a bhailiú, breithmheasanna a dhéanamh, spriocanna sainiúla a aithint, gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na spriocanna, agus spriocanna nua a leagan amach chun cáilíocht an tumoideachais i scoileanna a threisiú.

Caithfidh scoileanna atá páirteach sa chlár DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna) agus a thagann isteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta spriocanna agus gníomhaíochtaí a aithint a shásóidh idir chritéir na Scéime agus an Chláir DEIS. Ní mór dóibh na spriocanna agus na gníomhaíochtaí sin a aithint, a athbhreithniú, agus a chlárú go soiléir ina bplean feabhsúcháin scoile. Sa mhéid agus is féidir, ba chóir na réimsí tosaíochta FMS a thacaíonn le cur i bhfeidhm an tumoideachais a chuimsiú faoi na spriocanna agus na gníomhaíochtaí do théamaí DEIS.

Tá sampla den Teimpléad Samplach um Plean Gníomhaíochta ar fáil in Aguisín 4. Is féidir le scoileanna an teimpléad a leasú de réir sainchomhthéacs a scoile féin.

Nuair a bhíonn athbhreithniú déanta ag an Roinn ar na pleananna gníomhaíochta a chuirfear isteach, cuirfidh an tAonad um Oideachas Gaeltachta aiseolas ar fáil do gach scoil atá ag tosú sa Scéim. Beidh deis ag scoileanna na leasuithe gur gá a dhéanamh ar na pleananna gníomhaíochta a dhéanamh. Nuair a bheidh na pleananna gníomhaíochta faofa, beidh fáil ag scoileanna, ón Mheán Fómhair dár gcionn, ar na hacmhainní breise atá ar fáil ón Roinn do scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim chun tacú le cur i bhfeidhm an tumoideachais.

## CUID B

### 6. Na chéad tacaíochtaí a bheidh ar fáil do bhunscoileanna sa Ghaeltacht atá nua sa Scéim le linn tréimhse na gníomhphleanála

Le linn tréimhse na gníomhphleanála, cuirfear na tacaíochtaí breise seo ar fáil do bhunscoileanna atá ag dul isteach sa Scéim:

- **Do bhunscoileanna ina bhfuil an príomhoide ag teagasc:** cuirfear dhá lá breise scaoilte riaracháin ar fáil, le clúdach ionadaithe, do phríomhoidí teagaisc chun tacú le plean gníomhaíochta a fhorbairt.

[1] I gcomhthéacs bunscoile Gaeltachta, tagraíonn an tumoideachas don chleachtas gach achar curaclaim a mhúineadh go hiomlán trí mheán na Gaeilge, seachas curaclam an Bhéarla. Tagraíonn an luath-thumoideachas don chleachtas clár tumoideachais iomlán dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán, tráth nach múintear Béarla.

- **Do bhunscoileanna ina bhfuil príomhoidí riaracháin:** cuirfear lá breise scaoilte riaracháin ar fáil, le clúdach ionadaithe, do bhall amháin den fhoireann teagaisc chun tacú le príomhoide riaracháin sa phróiseas pleanála gníomhaíochta.
- Cuirfear tacaíocht agus aiseolas ar fáil do scoileanna faoin bpróiseas pleanála gníomhaíochta feabhsúcháin scoile le linn na gcuairteanna comhairleacha ón gCigireacht.
- Beidh FGL breise ar fáil freisin ó COGG.

## 7. Acmhainní agus tacaíochtaí breise atá ar fáil do bhunscoileanna sa Ghaeltacht atá nua sa Scéim le linn na chéad tréimhse feidhme

Nuair a bheidh faomhadh faighte do na pleananna gníomhaíochta, beidh scoileanna atá tar éis teacht isteach ar an Scéim incháilithe le hacmhainní agus tacaíochtaí breise a rochtain chun cuidiú leo a bpleananna gníomhaíochta a chur i bhfeidhm.

Áirítear leis seo:
- Uaireanta tacaíochta don Ghaeilge bunaithe ar rollúchán scoile
- Deontas bliantúil (€1,200) chun acmhainní teagaisc Gaeilge a cheannach
- Tacaíocht ó Chigireacht na Roinne Oideachais
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
- Treoir do scoileanna
- Eiseamláirí dea-chleachtais a roinnt.

### Uaireanta tacaíochta don Ghaeilge

Ó Mheán Fómhair i ndiaidh faomhadh phlean gníomhaíochta na scoile, cuirfear uaireanta tacaíochta don Ghaeilge ar fáil don scoil. Tá sonraí faoi na huaireanta tacaíochta teanga ar fáil sna himlitreacha bliantúla a eisíonn AOG. Tá na huaireanta a leithdháiltear bunaithe ar rollúchán na scoile ón 30 Meán Fómhair na scoilbhliana roimhe sin.

Ba chóir na huaireanta breise tacaíochta don Ghaeilge a úsáid chun tacú le riachtanais aitheanta na gcainteoirí dúchais agus na bhfoghlaimeoirí Gaeilge ionas go bhforbróidh agus go saibhreoidh siad a n-inniúlacht sa Ghaeilge, go háirithe a gcuid Gaeilge labhartha. Tá treoir bhreise in Aguisín 3 chun an leas is éifeachtaí a bhaint as na huaireanta tacaíochta breise don Ghaeilge. Leanfar de mhonatóireacht ar úsáid na n-uaireanta seo le linn chuairteanna comhairleacha na Cigireachta.

Cuirfear na huaireanta tacaíochta Gaeilge seo ar fáil mar uaireanta páirtaimseartha do na scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim. Is féidir le scoileanna cnuasaigh a chruthú do phoist teagaisc lánaimseartha buana[2] trí na huaireanta tacaíochta teanga Gaeilge leithdháilte ar gach scoil sa chnuasach a thabhairt le chéile. Tá Foirm Iarratais do Chnuasach Scoileanna agus tuilleadh sonraí ar na cnuasaigh ar fáil in imlitir AOG a eisíodh chuig bunscoileanna atá rannpháirteach sa Scéim.

### Leithdháileadh deontais

Déanfar deontas €1,200 a íoc le gach scoil atá páirteach sa Scéim chun acmhainní teagaisc Gaeilge a cheannach. Ba cheart do scoileanna cloí leis na nósanna

[2] Ní mór do scoileanna a chinntiú go bhfuil na múinteoirí a roghnaítear do na poist seo cáilithe go cuí agus cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta de réir an imlitir earcaíochta ábhartha agus go bhfuil ardleibhéal inniúlachta sa Ghaeilge acu mar aon le tuiscint mhaith ar an tumoideachas.

imeachta ábhartha go léir maidir leis an deontas seo, iad siúd a bhaineann le soláthar poiblí agus bainistíocht airgeadais san áireamh, agus gach admháil agus taifead caiteachais a choinneáil.

**Tacaíocht ón gCigireacht**

Beidh cuairteanna chomhairleacha á ndéanamh ag cigirí chun tacaíocht a sholáthar do scoileanna faoi na critéir theangabhunaithe a chur i bhfeidhm chun aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach. Cuirfidh siad eolas ar fáil don Roinn Oideachais freisin faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ag scoileanna.

**Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)**

Cuirfidh COGG tacaíocht FGL ar fáil do bhunscoileanna atá páirteach sa Scéim. Ina theannta sin, féadfaidh gach scoil sa Scéim iarratas a chur chuig an seirbhís tacaíochta do mhúinteoirí agus do cheannairí, Oide, do thacaíocht shaincheaptha scoile i ngach réimse den teagasc, den fhoghlaim agus den fhéinmheastóireacht scoile. Is féidir é sin a lorg tríd na gnáth-bhealaí teagmhála le tacaíocht a lorg nó trí ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie.  Mar chuid de na dualgais atá orthu, freastalaíonn an GaelAonad nua-bhunaithe in Oide i gcomhpháirt le Rannáin eile de chuid Oide ar shainriachtanais na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

Más gá, agus de réir mar a bhíonn fáil ar acmhainní, beidh ionadaíocht ar fáil sa scoilbhliain 2023/24 tríd an gCóras Éileamh ar Líne (CÉL/OLCS) d'uasmhéid dhá lá do bheirt mhúinteoirí i scoileanna atá rannpháirteach sa Scéim, freastal ar sheimineáir/cheardlanna COGG. Is féidir na laethanta seo a éileamh ón gCóras Éileamh ar Líne trí na teidil seo a leanas a roghnú: Forbairt Ghairmiúil Leanúnach/ Gníomhaíochtaí Gairmiúla - Polasaí don Oideachas Gaeltachta.

## 8. Próiseas Deimhnithe um Aitheantas mar Scoil Ghaeltachta

Cuireadh tús leis an bpróiseas deimhnithe do scoileanna atá páirteach sa Scéim cheana féin i mí Dheireadh Fómhair 2022. Is é cuspóir an phróisis deimhnithe ná a chinntiú go bhfuil na critéir theangabhunaithe atá leagtha amach don Scéim á gcur i bhfeidhm ag scoileanna. Leis an bpróiseas seo, deimhnítear teidlíocht na scoile don aitheantas mar Scoil Ghaeltachta trí chuairt mheastóireachta ón gCigireacht. Tabharfar dóthain ama do scoileanna a thosóidh sa Scéim tar éis 2023/24 – i gcomhréir leis an méid atá ar fáil do scoileanna eile sa Scéim – chun cur i bhfeidhm na gcritéar teangabhunaithe a chur chun cinn sula gcuirfear san áireamh iad sa phróiseas deimhnithe.

## 9. Eolas Breise

Beidh rannpháirtíocht leanúnach scoileanna sa Scéim ag brath ar choinníollacha na hImlitreach seo, agus aon imlitreacha eile a bhaineann leis an Scéim, a shásamh. Más é cinneadh na Roinne, ag aon am, nach bhfuil coinníollacha na Scéime á gcomhlíonadh, coimeádtar an ceart scoil a bhaint den Scéim. Má bhítear míshásta le cinneadh na Roinne maidir le haon ghné ar leith de riar na Scéime, déanfaidh painéal neamhspleách achomhairc é a mheas.

Tá eolas breise faoin Scéim le fáil ar gov.ie. Ba chóir fiosruithe maidir leis an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta a sheoladh ar ríomhphost chuig aog@education.gov.ie.

**Eisithe ag:** Muireann Tóibín, An tAonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais
**Date:** 26 Feabhra 2024

| |
|---|
| Iarrtar ar phríomhoidí bunscoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta aird gach comhalta uile den bhord bainistíochta, na múinteoirí (lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta), pátrún na scoile, na foirne coimhdí, na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus an phobail scoile áitiúil, a dhíriú ar an Imlitir seo.<br><br>Tá fáil ar an imlitir seo ar shuíomh gréasáin gov.ie |

## Aguisín 1
## Na critéir theangabhunaithe um aitheantas mar bhunscoil Ghaeltachta: Féinmhonatóireacht ar dhul chun cinn na scoile i leith na gcritéar teangabhunaithe chun an tumoideachas a neartú

| | Na critéir theangabhunaithe do bhunscoil Ghaeltachta | 1<br>le cur i bhfeidhm | 2<br>dul chun cinn déanta | 3<br>á chur i bhfeidhm |
|---|---|---|---|---|
| 1 | **Clár lántumtha dhá bhliain**[3] trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán, tráth nach múinfear Béarla ar bith lena linn | | | |
| 2 | **Cur chuige lántumtha** a chur i bhfeidhm ina múinfear gach réimse foghlama, seachas an Béarla, trí Ghaeilge | | | |
| 3 | **Eispéiris oideachais ardchaighdeáin** trí Ghaeilge a sholáthar do na daltaí uile agus aird ar leith a dhíriú ar **riachtanais teanga idirdhealaithe** na gcainteoirí dúchais Gaeilge[4] chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge | | | |
| 4 | **Plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile** uile a fhorbairt:<br>a) a léireoidh an chaoi ina gcinnteoidh an scoil úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe laistigh den scoil agus<br>b) a dhéanfaidh na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc phobal na scoile (príomhoide, foireann, daltaí, tuismitheoirí agus bord bainistíochta) | <br>a)<br>b) | | |
| 5 | **Athbhreithniú** ar cháilíocht an tsoláthair oideachais trí Ghaeilge chun feabhsúchán leanúnach a chinntiú **tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS)** | | | |
| 6 | Eispéiris foghlama Ghaeilge a sholáthar a thagann leis na **torthaí foghlama T1**[5] **i gCuraclam Teanga na Bunscoile do scoileanna Gaeltachta** agus scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge | | | |
| 7 | **Acmhainní Gaeilge a úsáid** chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge sna ranganna uile, seachas curaclam an Bhéarla | | | |
| 8 | **Gníomhaíochtaí** curaclaim, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus gníomhaíochtaí seach- | | | |

[3] Ciallaíonn clár lántumtha (clár luath-thumoideachais) go bhfeidhmíonn an timpeallacht oideachais trí Ghaeilge i ranganna na naíonán agus go dtosófar ar mhúineadh an Bhéarla ó Rang a 1. Cuidíonn sé seo le forbairt níos iomláine ar inniúlachtaí teanga na leanaí sa Ghaeilge i ranganna na naíonán

[4] Sainmhínítear cainteoir dúchais Gaeilge mar leanbh a thógtar trí Ghaeilge i bpobal Gaeilge ina labhraíonn a t(h)uismitheoirí Gaeilge mar phríomhtheanga chumarsáide sa bhaile, agus go ndeirtear amhlaidh nuair a chláraítear ar scoil é/í (Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022, lch 11).

[5] Tagraíonn T1 don Ghaeilge mar phríomhtheanga na scoile i dtaca le teagasc agus foghlaim, agus cumarsáid i ngnóthaí oifigiúla, riaracháin, siamsaíochta agus caitheamh aimsire.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | churaclaim (más ann dóibh) a sholáthar trí Ghaeilge | | | |
| 9 | **Tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga** (faoi Acht na Gaeltachta, 2012) trí chuidiú le húsáid agus cothú na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta | | | |
| 10 | **Tús áite d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid** le tuismitheoirí, leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe eile | | | |
| 11 | **Naisc theanga agus chultúrtha** atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú leis na suímh luathoideachais áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge (naíonraí) | | | |
| 12 | **Naisc** theanga agus oideachais atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú **le hiar-bhunscoileanna** áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus bunscoileanna eile a fheidhmíonn trí Ghaeilge | | | |
| 13 | Gach iarracht **foireann teagaisc agus foireann choimhdeach** a earcú atá líofa sa Ghaeilge, agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an gcleachtas oideolaíoch a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge chomh maith le tuiscint ar dhinimic teanga agus cultúrtha na Gaeltachta. | | | |

## Aguisín 2:
## Foirm um Léiriú Spéise

**Le comhlánú ag bainistíocht bunscoileanna atá ag léiriú spéise páirt a ghlacadh sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta**

Seol do Fhoirm um Léiriú Spéise comhlánaithe chuig an Aonad um Oideachas Gaeltachta go leictreonach (sínithe agus scannta).

**Ainm na scoile:** ______________________________ **Uimhir rolla:** _____________

**Seoladh na scoile:**

______________________________________________________________________

**Uimhir ghutháin:** ______________________ **R-phost:** ________________________

| **Is mian liom a dheimhniú gur pléadh an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus ábhar Imlitreach 0022/2024 ag cruinnithe leis an bhfoireann teagaisc, le cumann na dtuismitheoirí, agus leis an mbord bainistíochta.** | | |
|---|---|---|
| | **Síniú** | **Dáta** |
| **Príomhoide na scoile** | | |
| **Cathaoirleach an bhoird bhainistíochta** | | |

| **Is mian liom a dheimhniú gur pléadh an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus ábhar Imlitreach 0022/2024 le Cathaoirleach an choiste pleanála teanga Gaeltachta.** | | |
|---|---|---|
| | **Síniú** | **Dáta** |
| **Cathaoirleach an choiste pleanála teanga Gaeltachta** | | |

| **Is mian liom LÉIRIÚ SPÉISE ÁR SCOILE A CHLÁRÚ le bheith rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta** | | |
|---|---|---|
| | **Síniú** | **Dáta** |
| **Príomhoide na scoile** | | |
| **Cathaoirleach an bhoird bhainistíochta** | | |

## Aguisín 3

## Treoir chun an leas is éifeachtaí a bhaint as na huaireanta tacaíochta breise don Ghaeilge

### Ag leibhéal na bainistíochta scoile

- Ba chóir don bhord bainistíochta agus d'fhoireann bainistíochta na scoile monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann úsáid na n-uaireanta teanga breise don Ghaeilge chun tairbhe na foghlama do dhaltaí. Ba chóir athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar éifeachtacht an tsoláthair tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile.
- Tá gá le comhoibriú, ar bhonn scoile uile agus ag leibhéal an ranga, chun ról na múinteoirí príomhshrutha, ról an mhúinteora oideachais speisialta, ról an mhúinteora tacaíochta don Ghaeilge agus ról an chúntóra teanga a aontú ionas gur féidir tacú le riachtanais idirdhealaithe teanga na ndaltaí.

### Ullmhúchán don teagasc agus don mheasúnú i gcomhar leis na múinteoirí príomhshrutha

- Ba chóir measúnú foirmitheach agus suimitheach a dhéanamh ar inniúlacht teanga na ndaltaí sa Ghaeilge chun monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn, agus é seo a dhéanamh i gcomhar leis na múinteoirí ábhartha eile agus leis an gcúntóir teanga.
- Mar chuid de phlean feabhsúcháin na scoile, ba chóir don scoil leas a bhaint as na torthaí measúnaithe is déanaí chun riachtanais foghlama teanga na ndaltaí a aithint. Cabhróidh sé seo leis na múinteoirí uile tuiscint níos cuimsithí a fháil ar riachtanais teanga na ndaltaí, agus idirghabhálacha a phleanáil dá réir.
- Ba cheart taifid shoiléire a choinneáil ar dhul chun cinn gach dalta sa Ghaeilge mar threoir don teagasc agus don fhoghlaim, agus an t-eolas ábhartha a roinnt le tuismitheoirí, de réir mar is cuí.
- Tá an-tábhacht ag baint le feasacht na ndaltaí mar fhoghlaimeoirí teanga a fhorbairt tríd an bpróiseas measúnaithe agus bheadh tairbhe le scileanna féinmheasúnaithe agus piarmheasúnaithe na ndaltaí a fhorbairt.
- Moltar na daltaí a chumasú dialann teanga/loga foghlama a fhorbairt, a léiríonn a n-inniúlacht teanga agus a ndul chun cinn, chun cabhrú leo monatóireacht agus féinmheastóireacht a dhéanamh ar a n-aistear foghlama féin. D'fhéadfaí an dialann/loga a dhearadh i slí a léireodh a spriocanna foghlama, na spriocanna a bhain na daltaí amach agus na heispéiris foghlama a chruthaigh dúshlánach don dalta ar a aistear foghlama teanga.

### Ag leibhéal an ranga

- Is gá an teanga acadúil agus an tsaintéarmaíocht a ghabhann leis na hachair éagsúla churaclaim a mhúineadh do dhaltaí. Ba chóir deiseanna rialta a sholáthar dóibh an téarmaíocht nua a chleachtadh agus a shealbhú ar bhealaí atá cruthaitheach agus nuálach.
- Is pointe tosaigh an-tábhachtach an taithí luath a bhíonn ag daltaí ar fhoghlaim na teanga chun tuilleadh forbartha teanga a dhéanamh. I gcomhpháirt leis an múinteoir tacaíochta agus an múinteoir ranga, ba chóir clár luath-idirghabhála do litearthacht na Gaeilge, bunaithe ar phrionsabail Aistear, a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán ina ndíreofar aird ar leith ar shainriachtanais teanga na gcainteoirí dúchais agus na bhfoghlaimeoirí ar bheagán Gaeilge.

- Is foinse shaibhir iad na cainteoirí dúchais chun cumas teanga na ndaltaí uile a neartú. Ba chóir tógáil ar inniúlacht teanga na gcainteoirí siúd freisin agus cur lena saibhreas teanga trí ghníomhaíochtaí i ngrúpaí agus tríd an gcomhtheagasc.
- Moltar úsáid a bhaint as straitéisí teagaisc difreáilte, ceistiúchán, cluichí agus tascanna cumarsáide. Cuidíonn ionchur saibhrithe teanga ón múinteoir agus rannpháirtíocht i dtascanna (ar nós obair thionscadail, rólimirt, drámaíocht, plé agus an chomharfhoghlaim) le daltaí spriocstruchtúir na teanga a aithint agus a ionramháil. Cuireann sé seo go mór lena bhféinmhuinín i labhairt na Gaeilge.
- Is féidir rannpháirtíocht na ndaltaí a spreagadh agus a scileanna teanga a fhorbairt trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach agus naisc dhigiteacha, bíodh scoláirí ar scoil nó sa bhaile.
- Is féidir leas a bhaint as an litríocht chun scileanna scríbhneoireachta agus léitheoireachta na ndaltaí chomh maith lena saibhreas, cruinneas, feasacht agus cruthaitheacht teanga a fhorbairt ar bhonn comhtháite, de réir mar atá leagtha amach i gCuraclam Teanga na Bunscoile.
- Tá sé fíorthábhachtach go soláthrófaí ábhar leathan léitheoireachta agus litríochta sa Ghaeilge do dhaltaí a chlúdaíonn réimse leathan seánraí, litríocht áitiúil agus bhéil san áireamh, agus a oireann dá réimsí spéise, dá n-aois agus dá gcumas sa teanga.
- Ba cheart aird na ndaltaí a dhíriú ar chainteoirí sa cheantar agus lasmuigh de ar fhoinsí dílse de shaíocht agus saibhreas na Gaeilge iad. Ba chóir deiseanna a thapú cuireadh a thabhairt dóibh siúd teacht chun na scoile mar aoichainteoirí chun na daltaí a spreagadh bheith mórtasach as an teanga agus as an gcultúr.

### Lasmuigh den rang

- Is trí rannpháirtíocht in imeachtaí teanga agus cultúrtha a threisítear inspreagthacht, inniúlacht teanga agus féiniúlacht na ndaltaí mar chainteoirí Gaeilge agus mar bhaill dá bpobal teanga féin agus lasmuigh de. I measc na ngníomhaíochtaí seo, tá comórtais drámaíochta nó féilte liteartha, fiontraíochta, iriseoireachta, díospóireachta, ealaíona agus spóirt chomh maith le rannpháirtíocht i ngluaiseachtaí Gaeilge agus líonraí le daltaí ó scoileanna lán-Ghaeilge T1 eile.

**Appendix 4:**
**Teimpléad Samplach do Phlean Gníomhaíochta do chur i bhfeidhm na gcritéar teanga don tumoideachas**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm na scoile** | | **Uimhir rolla** | |
| **Dáta** | | **Dáta athbhreithnithe** | |
| **Comhthéacs na scoile** | Tabhair cuntas achomair soiléir le pointí urchair de réir mar atá ábhartha *(m.sh. líon foirne agus rollúchán; stádas DEIS; comhthéacs teangeolaíochta na scoile; cleachtas reatha maidir leis an teagasc trí Ghaeilge; tacaíochtaí don Ghaeilge ar fáil sa scoil/sa phobal scoile; comhpháirtíocht le tuismitheoirí; nasc leis an gcoiste pleanála teanga áitiúil; naisc le scoileanna eile/naíonraí &rl)*<br>•<br>• | | |

**Seo a leanas sampla de theimpléad a d'fhéadfaí a úsáid chun plean a dhearadh do chritéar teanga amháin a chur i bhfeidhm. D'fhéadfadh sprioc amháin nó níos mó a bheadh ag an scoil don chritéar sin. Is féidir an teimpléad a chóipeáil de réir mar is gá, ag brath ar líon na gcritéar teanga agus líon na spriocanna atá á chur i bhfeidhm sa tréimhse ama ar leith. Moltar plean a dhearadh do bhliain amháin ar dtús le go bhfeicfear an dul chun cinn atá déanta taobh istigh den tréimhse ama sin.**

| **Critéar Teanga** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Spriocanna feabhsúcháin** | **Gníomhartha riachtanacha** | **Fráma ama** | **Ba(i)ll foirne atá freagrach** | **Monatóireacht agus Athbhreithniú** | | |
| **1** | | | | **Dáta** | **Gnéithe atá bainte amach** | **Forbairt le déanamh** |
| | | | | | | |
| **2** | | | | **Dáta** | **Gnéithe atá bainte amach** | **Forbairt le déanamh** |
| | | | | | | |
| **3** | | | | **Dáta** | **Gnéithe atá bainte amach** | **Forbairt le déanamh** |
| | | | | | | |